V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10690 — NORDIC CAPITAL / ELLOS GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 147/04)

1. An 25 Márta 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nordic Capital (Oileáin Mhuir nIocht),

— ELLOS Group (an tSualainn), faoi rialú FNG Finance Belgium BV.

Gheobhaidh Nordic Capital rialú aonair ar Ellos Group ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is éard atá i gceist le Nordic Capital grúpa cistí cothromais phríobháidigh a dhíríonn go príomha ar infheistíochtaí i dTuaisceart na hEorpa sna hearnálacha seo a leanas: cúram sláinte, teicneolaíocht agus íocaíochtaí, seirbhísí airgeadais, seirbhísí tionsclaíocha agus gnó agus táirgí tomhaltais. Maidir le táirgí tomhaltais, déanann Nordic Capital rialú deiridh ar mhiondíoltóir earraí spóirt, Unisport atá gníomhach i gCríoch Lochlann, an Ghearmáin, an Ísiltír, an Ostair agus an Fhrainc,

— Is grúpa ríomhthráchtála é ELLOS Grúpa le haghaidh fearais tí agus faisean lena n-áirítear na siopaí ar líne Ellos, Jotex, Homeroom agus Stayhard. Tá sé gníomhach i gCríoch Lochlann, sa Ghearmáin, san Ísiltír, san Ostair agus sa Pholainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10690 — NORDIC CAPITAL / ELLOS GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË